**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur i leataobh agus ar neamhní, lena ndeonaítear an t-iarratas ar neamhbhailíocht iomlán an trádmhairc Uimh. 10 546 836 Conguitos (fíortha) de chuid an Aontais Eorpaigh, Aicmí 3, 14 agus 18;

— a ordú don chosantóir agus do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

Sárú ar Airteagal 53(1)(a), in éineacht le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Sárú ar Airteagal 53(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 8 Meitheamh 2022 – Etablissements Nicolas v EUIPO – St. Nicolaus (NICOLAS)**

**(Cás T-340/22)**

(2022/C 284/77)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Etablissements Nicolas (Thiais, an Fhrainc) (ionadaí: T. de Haan, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* St. Nicolaus a.s. (Liptovský Mikuláš, an tSlóvaic)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "NICOLAS" – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 228 435

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 28 Márta 2022 i gCás R 1780/2020-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag an iarratasóir sna himeachtaí ós comhair an ceathrú Bord Achomhairc de EUIPO.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle.

---